BEARTAS LABHAIRT AMACH DON FHOIREANN



Labhairt Amach

Geallann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) faoin mbeartas seo timpeallacht a chur ar fáil duit ina spreagtar thú chun ***Labhairt Amach*** faoi aon imní a d'fhéadfadh a bheith ort faoin éagóir i ndáil le haon ghné den chaoi a ndéanaimid ár gcuid ghnó nó faoi ní ar bith a bhaineann le cúrsaí pearsanta nó iompair.

Cuirtear eolas ar fáil ar conas is féidir leat ***Labhairt Amach*** faoi rún agus ar an eolas go ndéanfar imscrúdú dian, cothrom agus gan díoltas ar d'ábhair imní.

Tá an dualgas ort ***Labhairt Amach*** más rud é go measann nó go gcreideann tú go bhfuil éagóir déanta nó go bhfuil sí á déanamh. D'fhéadfadh baint a bheith ag d'ábhair imní le do thaithí féin nó le rud éigin a chonaic tú.

Ba mhaith linn daoine a spreagadh chun drochiompraíocht fheicthe a d'fhéadfadh dul i gcoinne ár gcroíluachanna a ghlaoch amach.

Baineann an beartas seo le gach fostaí Reatha, gach iarfhostaí, gach conraitheoir neamhspleách, gach mac léinn agus gach ball foirne gníomhaireachta, mar a mhínítear iad in Alt 3 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (an tAcht).

Cineálacha imní atá le tuairisciú

Tá roinnt beartas agus nósanna imeachta ann maidir lenár gcuid gnó a oibriú i gceart agus go héifeachtach agus maidir le hiompar agus cosaint na foirne. Is féidir le sáruithe ar na caighdeáin a mbítear ag súil leo agus le neamhchomhlíonadh na mbeartas sin an bonn a bhaint dár misean agus dár ról agus drochthionchar a imirt ar an bhfoireann dá bharr.

Trí bhealaí éifeachtacha a bheith ar fáil don fhoireann ar ar mian leo a n-ábhair imní a chur in iúl, is féidir linn breathnú ar ár gcleachtais, ceachtanna a fhoghlaim má tá rud éigin mícheart agus aghaidh a thabhairt ar an scéal.

I measc na réimsí féideartha imní agus na mbeartas a mbaineann leo, tá:

- cáilíocht an iniúchta nó an scrúdaithe — lámhleabhair iniúchóireachta agus tuairiscithe airgeadais
- neamhchomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta na hOifige — fógraí, beartais agus nósanna imeachta ábhartha de chuid na hOifige
- iompar míchuí nó iompraíocht mhí-eiticiúil — Cód Caighdeán agus Iompraíocht na Státseirbhíse
- an bhulaíocht nó an ciapadh — beartas na Státseirbhíse um Dhínit ag an Obair
- sáruithe sláinte agus sábháilteachta — Ráiteas Corparáideach Sábháilteachta
- cion coiriúil a dhéanamh (e.g., gadaíocht nó calaois) — Beartas frithchalaoise agus tuairisciú de mheon macánta.

Má bhíonn aon cheist agat maidir leis na beartais sin nó más deacair duit rochtain a fháil orthu, déan teagmháil leis an Aonad Acmhainní Daonna, Foghlama agus Forbartha ag (hr@audit.gov.ie).

Tugtar in alt 5(3) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuilleadh samplaí den éagóir iomchuí a chumhdaítear leis an Acht.

Cé leis ar féidir liom labhairt faoi m'ábha(i)r imní?

Molaimid go láidir duit aon ábhair imní a chur in iúl laistigh den Oifig ar an gcéad dul síos. Ag brath ar chineál d'ábhair imní, b'fhéidir gur mhaith leat labhairt le do bhainisteoir líne, le do leas-stiúrthóir nó le LS na Lársheirbhísí.

Más ábhar idirphearsanta atá i gceist (e.g., ceisteanna caidrimh, ciapadh nó bulaíocht), b'fhéidir gur mhaith leat labhairt le hionadaí ón Aonad Acmhainní Daonna nó is féidir leat labhairt leis an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe de chuid na Státseirbhíse[1] (Guthán: 0818 00 8120). Tá idirghníomhaíochtaí le SCFS faoi rún ach faoi réir eisceachtaí áirithe[2].

Tabhair faoi deara, áfach, nach féidir leis an Oifig comhairle dlí a thairiscint. Más rud é go bhfuil tú ag smaoineamh ar nochtadh foirmiúil a dhéanamh agus go bhfuil imní ort faoin dlí ina leith, molaimid duit comhairle dlí neamhspleách a lorg sula ndéanann tú amhlaidh.

Cuireann Trédhearcacht Idirnáisiúnta - Transparency International (TI) Éireann faisnéis rúnda agus comhairle dlí saor in aisce ar fáil d'aon duine atá ag smaoineamh ar ábhar imní a thuairisciú nó ar nochtadh cosanta a dhéanamh, trína líne chabhrach *Labhair Amach* ag 1800 844 866. Tá mionsonraí faoi bhealaí eile ar ar féidir leat dul i dteagmháil le TI Éireann ar fáil ar shuíomh Gréasáin *Transparency.ie*. Tá nasc leis an suíomh Gréasáin TI Éireann ar fáil ar an leathanach 'Do Ghuthsa' ar inlíon na hOifige chomh maith.

Más rud é, i ndiaidh duit labhairt le duine éigin san Oifig nó dul i dteagmháil le ceann de na heagraíochtaí tacaíochta thuasluaite, gur mian leat fós ábhar a bhaineann leat féin a thuairisciú go foirmiúil, lean na céimeanna atá luaite thíos.

Conas is féidir leat Labhairt Amach

Is féidir leat:

- rPhost a sheoladh chuig speakup@audit.gov.ie (níl rochtain ar an seoladh seo ach ag an Rúnaí agus ag an Stiúrthóir Iniúchóireachta agus ag LS na Lársheirbhísí), nó
- labhairt leis an Rúnaí nó le duine de na Stiúrthóirí Iniúchóireachta nó leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, scríobh chuige nó chuici nó rPhost a sheoladh chuige nó chuici.

Níl aon fhormáid ar leith riachtanach le haghaidh éagóir a thuairisciú. Déanfar nochtadh gan ainm a fhreagairt a mhéid is féidir a leithéid a dhéanamh i bhfianaise na srianta a bhaineann le tuilleadh faisnéise a fháil faoin éagóir líomhnaithe. Nuair a dhéantar nochtadh ó bhéal, déanfaidh an faighteoir é a thaifeadadh agus a chomhaontú leat.

Agus nochtadh á dhéanamh agat, tabhair faoi deara go bhfuil sé á dhéanamh faoin mbeartas seo agus ba cheart duit an oiread faisnéise agus is féidir leat a chur ar fáil chun cur ar chumas na hOifige d'ábhar imní a mheasúnú agus a imscrúdú, e.g.:

- d'ainm, do phost san Oifig agus do shonraí teagmhála faoi rún (ach amháin má dhéantar an teagmháil gan ainm)
- a oiread sonraí agus is féidir maidir leis na hábhair imní atá agat
- aon fhianaise atá ar láimh a chabhródh le cinneadh measúnachta na hOifige.

Ní féidir obair leantach a dhéanamh ar nochtadh ach amháin má tá dóthain faisnéise ann agus/nó má tá seans réasúnach ann go bhfaighfear tuilleadh faisnéise.

Gníomhartha a ndéantar i ndiaidh nochtadh a fháil

Tugtar an-aird ar gach nochtadh, is cuma cén dóigh a ndéantar iad, agus déantar dianiarracht dul i ngleic go cuí leis na saincheisteanna a cuireadh in iúl. Déanfar gach ábhar tuairiscithe a thaifeadadh agus déanfar athbhreithniú tosaigh orthu lena fháil amach an bhfuil gá le himscrúdú.

Ach amháin má roghnaigh tú d'ainm a choinneáil amach, cuirfear toradh an athbhreithnithe tosaigh in iúl duit laistigh de dheich lá oibre tar éis dúinn do nochtadh a fháil. Sa chás ina bhfuil gá le himscrúdú a dhéanamh, is é ball foirne sinsearach nó tríú páirtí arna cheapadh ag an Oifig seo a dhéanfaidh é.

Cuirfear ar an eolas thú faoin dul chun cinn agus faoi thoradh an imscrúdaithe de réir mar is cuí, agus aird á tabhairt ar chineál na n-ábhar atá faoi imscrúdú. Ní féidir scálaí ama cruinne a leagan síos le haghaidh imscrúduithe, mar braitheann a leithéid ar chineál na saincheisteanna a cuireadh in iúl. Cinnteoidh an Oifig, áfach, go n-oibreodh na himscrúdaitheoirí go measartha tapa gan cur isteach ar cháilíocht ná fairsinge an imscrúdaithe.

Maidir le haon ghníomh feabhsúcháin a mheasann an Oifig a bheith riachtanach chun dul i ngleic le haon éagóir nó le riosca aon éagóra a d'fhéadfadh a bheith sainaitheanta, cuirfear chun feidhme é laistigh de thréimhse réasúnach.



Rúndacht

Déanfar dianiarracht rúndacht an duine a rinne an tuairisc a chosaint (cé nach féidir rúndacht a chinntiú i gcónaí, ag brath ar chineál an ábhair imní a ardaíodh).

Comhroinnfear na tuairiscí agus na mionsonraí faoi aon obair ghaolmhar nó aon imscrúduithe gaolmhara le líon teoranta daoine ar bhonn **dianriachtanais** mura rud é, mar shampla, go bhfuil dualgas orainn faoin dlí a leithéid faisnéise a nochtadh, go bhfuil gá lena leithéid faisnéise a nochtadh chun imscrúdú a dhéanamh nó go bhfuil sé le leas an phobail a leithéid a dhéanamh.

Má mheasaimid go bhfuil sé riachtanach d'aitheantas a nochtadh do thríú páirtí, cuirfimid a leithéid in iúl duit roimh ré agus míneoimid na fáthanna a measaimid go bhfuil gá leis.

Glacfaidh an Oifig bearta leordhóthanacha slándála teicniúla agus eagraíochtúla chun slándáil agus rúndacht aon fhaisnéise a fhaightear le linn nochta a choinneáil. Beidh feidhm ag na bearta slándála sin freisin maidir le haon tuarascáil nó aon ábhar eile a ghintear mar thoradh ar fhiosrúcháin atá á ndéanamh ar na hábhair atá in aon nochtadh a fhaightear.

Cearta na ndaoine arna sainaithint i nochtadh

Ní éilíonn prionsabail an cheartais aiceanta go gcuirfí in iúl don duine a ndéantar líomhain ina choinne nó ina coinne go bhfuil a leithéid líomhna faighte ag an Oifig. Níl an ceart ag an duine sin ach an oiread go mbeadh a fhios aige nó aici cé a rinne an tuairisciú.

Mar sin féin, i gcás inar mian leis an Oifig duine atá cúisithe in éagóir i nochtadh a cheistiú nó faisnéis a lorg ó dhuine atá cúisithe in éagóir i nochtadh, tá an duine sin i dteideal na sonraí faoin líomhain a fháil agus an deis freagra a thabhairt ar an líomhain agus cur ina coinne.

Tabharfar aird ar na cearta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, atá ag aon duine a shainaithnítear i nochtadh. Féadfar feidhmiú an chirt chun faisnéise agus rochtana a shrianadh nó a chur siar má mheasann an Oifig go bhfuil an baol ann go ndéanfadh a leithéid feidhmithe dochar dá scrúdú ar an ábhar.

An chosaint atá ar fáil dóibh siúd a dhéanann nochtadh

Más rud é go ndéantar an tuairisc de mheon macánta, go gcreideann tú le réasún go bhfuil na líomhaintí fíor go substaintiúil, agus nach bhfuil tú ag déanamh an nochta ar mhaithe leat féin, ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste mar thoradh ar labhairt faoi ábhar imní. Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tugtar cosaint do gach oibrí a dhéanann nochtadh maidir le héagóir.

Má thuairiscíonn tú ábhar imní atá bunaithe ar chreideamh réasúnach[3] (fiú amháin mura bhfuil bunús leis an imní atá agat nó mura bhfuil sí dírithe i gceart), tabharfar cosaint duit in aghaidh aon díoltais mar gheall ar an imní a chuir tú in iúl nó toisc gur dhiúltaigh tú páirt a ghlacadh san éagóir a mheas tú a bheith ann.

Geallann an Oifig go gcinnteoidh sí nach mbeidh ciapadh, pionósú, frithbheartaíocht nó drochiarmhairt fostaíochta ar aon bhall foirne a dhéanann nochtadh, mar thoradh ar an imní a chur in iúl. Ní dhéanfar aon ghníomh a chuireann isteach ar an mball foirne chun aimhleasa dó nó di maidir le haon téarma nó coinníoll dá fhostaíocht nó dá fostaíocht de dheasca aon nochta a rinne sé nó sí.

Maidir le haon bhainisteoir nó aon bhall foirne a ghníomhaíonn in aghaidh aon duine a rinne nochtadh ar bhealach ar bith, beidh sé nó si faoi réir imeachtaí araíonachta cuí. Má chreideann comhghleacaí gurb amhlaidh, maidir le duine ar leith a bhfuil nochtadh déanta aige nó aici agus a ghlac páirt de mheon macánta san imscrúdú ar an sárú a thuairiscíodh, atá sé nó sí ag fulaingt ó chiapadh, ó fhrithbheartaíocht nó ó dhrochiarmhairtí fostaíochta, ba cheart dó nó di a leithéid a chur in iúl (i) do Leas-Stiúrthóir an Rannáin lena mbaineann, (ii) do LS na Lársheirbhísí nó (iii) don Rúnaí agus do Stiúrthóir Iniúchóireachta, de réir mar is cuí.

Má dhéanann aon duine líomhain de mheon macánta, rud nach ndeimhnítear i ndiaidh imscrúdaithe, ní dhéanfar gníomh ar bith ina choinne nó ina coinne. Mar sin féin, má léirítear san imscrúdú, nó má thagann sé chun solais ina dhiaidh sin, go bhfuil an líomhain déanta go mailíseach, déanfar gníomh araíonachta cuí i gcoinne an duine a rinne an líomhain.

Tuairisciú

Tabharfar tuarascáil gan ainmneacha ar oibriú an bheartais seo don Bhord Iniúchóireachta uair amháin sa bhliain. Cuimseofar inti sonraí maidir leis an líon nochtaí agus an catagóiriú nochtaí arna bhfáil, lena n-áirítear gearáin faoi phionósú in aghaidh baill foirne a bhfuil nochtaí déanta acu agus na gníomhartha arna ndéanamh mar fhreagairt do gach tuarascáil.
Eisíonn an Oifig tuarascáil bhliantúil freisin mar a cheanglaítear faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Cuirtear í ar fáil don phobal ar ár suíomh Gréasáin ag www.audit.gov.ie.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas seo agus leasófar é más gá.

Coinneáil sonraí

Sonraítear i mbeartas bainistíochta taifead na hOifige an tréimhse choinneála do thaifid a thagann faoi gach ceann dá príomhfheidhmeanna gnó. Coinneofar taifid a bhaineann le nochtadh inmheánach ar feadh seacht mbliana ó chríochnú an athbhreithnithe/imscrúdaithe agus, ina dhiaidh sin, breithneofar ar cheart iad a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta nó ar cheart iad a scrios.

---

[1] Cuireann SCFS folláine fostaithe agus éifeachtacht eagraíochtúil chun cinn trí raon fairsing tacaí atá saor in aisce agus rúnda a chur ar fáil don fhoireann agus don lucht bainistíochta, ar tacaí iad atá deartha chun cabhrú le fostaithe déileáil lena ndeacrachtaí oibre agus saoil.

[2] https://www.cseas.per.gov.ie/about-us/faq/

[3] Ciallaíonn “creideamh réasúnach” go bhfuil an creideamh bunaithe ar fhorais réasúnacha. Is é tástáil oibiachtúil an tástáil a chuirtear i bhfeidhm ar “chreideamh réasúnach”, i.e., go ndéanfar an nochtadh a mheas bunaithe ar an gcaoi a bhfreagródh duine réasúnach don fhaisnéis a bhí ar fáil dó nó di ag an am a nochtadh í.

Stair athbhreithnithe agus ceadaithe	
Dáta an athbhreithnithe dheireanaigh:	Márta 2022
Arna cheadú ag:	An Bord Iniúchóireachta an 25 Márta 2022
Dáta an chéad athbhreithnithe eile:	Márta 2023
Le ceadú ag:	An Bord Iniúchóireachta